# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

## Struchtúr abairte agus gramadach maidir le hiarrataí agus ceisteanna

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

*Coincheapa, meonta agus scileanna na bpáistí a fhorbairt i ndáil le:*

**Teanga ó Bhéal:**

4. Struchtúr abairte agus gramadach

**Léitheoireacht:**

3. Gnásanna cló

**Scríbhneoireacht:**

3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte

Sa treoir seo, déanaimid moltaí maidir le conas is féidir trí ghné de ghramadach na Gaeilge a mhúineadh, gnéithe a chruthaíonn deacracht leanúnach do dhaltaí i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Béarla.

Is iad sin:

- úsáid na copaile
- ord na focal i gclásail infinideacha
- forainmneacha réamhfhoclacha (*'liom', 'dom', 'orm'*)

Is minic a shealbhaíonn daltaí earráidí sna réimsí gramadaí sin, cé go ndéanann siad dul chun cinn ar chineálacha eile struchtúir abairte a úsáid. Cé go gcloiseann siad na struchtúir sin in úsáid ag múinteoirí, ní cosúil gur leor sin chun máistreacht a fháil orthu.

> Cineálacha teagaisc a mholtar:
> 1. Míniú simplí gramadaí ar na struchtúir
> 2. Péirí íosdifríochta le cur de ghlanmheabhair. Ach na péirí sin a fhoghlaim tugtar bealach gasta don dalta an struchtúr ceart a mheabhrú dó féin, ar féidir leis dul ina muinín nuair a bhíonn amhras air.
> 3. Gníomhaíochtaí inar gá an fhoirm cheart a úsáid.

### (i) AN CHOPAIL

Is minic a úsáideann páistí an briathar substainteach, an briathar *bí*, nuair ba cheart dóibh an chopail – *is* – a úsáid. Ní thuigeann go leor daltaí go gcaithfear an chopail a úsáid nuair is ainmfhocal nó frása ainmfhoclach é an comhlánú, agus mar sin, deir siad, mar shampla,

*'Tá Seán múinteoir'* atá mícheart, seachas *'Is múinteoir é Seán'*

### Míniú ar an ngramadach

Murab ionann agus an Béarla, tá dhá bhealach ann sa Ghaeilge chun 'to be' a chur in iúl, ag brath ar cibé acu is aidiacht ('He is tall') nó ainmfhocal nó ainmfhocal agus aidiacht ('He is a man' nó 'He is a tall man') a chomhlánaíonn 'to be'.

Úsáidtear an briathar 'bí' sa Ghaeilge nuair a dhéantar cur síos ar mhaoin duine nó rud éigin (i bhfoirm aidiachta de ghnáth). Ní féidir *'bí'* a úsáid más ainmfhocal é a chomhlánú:

*Tá sé ard* ✓ *Tá sé fear* ✗ *Tá sé fear ard* ✗

## Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

Nuair is ainmfhocal é comhlánú an bhriathair bí (cosúil le *man* thuas), caithfear struchtúr difriúil a úsáid. Tosaigh an abairt le Is (nó *Ba* san aimsir chaite), ansin cuir an comhlánú isteach, ansin cuir forainm ag a bhfuil an inscne chéanna leis an ainmní isteach, agus cuir an t-ainmní leis ar deireadh:

| | | |
|---|---|---|
| *Is* [noun] *é* [subject] | *Is múinteoir é Seán* | 'Seán is a teacher' |
| *Is* [noun] *í* [subject] | *Is múinteoir í Máire* | 'Máire is a teacher' |

Tá sé tábhachtach freisin go n-úsáideann múinteoirí an fhoirm ina bhfuil 'is' ('Is múinteoir é') go minic chun samplaí ina leanann ainmfhocal 'tá' a cheartú, seachas an fhoirm ina bhfuil 'ina' ('Tá sé ina mhúinteoir') a úsáid.

Tugann an dara ceann an rogha cheart is gaire, ach ní threisíonn sé úsáid an struchtúir 'is' a chaithfear a úsáid le comhlánú ainmfhoclach.

Féach freisin Mac Congáil (2006:165) agus Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí (1999:122) chun míniú a fháil ar úsáid na copaile.

### Péirí íosdifríochta

D'fhonn an difríocht idir na struchtúir ina bhfuil comhlánú aidiachtach agus ina bhfuil comhlánú ainmfhoclach a threisiú, molaimid péirí íosdifríochta mar seo a leanas a chur de ghlanmheabhair:

| | | |
|---|---|---|
| *Tá Seán cliste* | *Tá* Mary *ard* | *Tá* Toby *óg* |
| *Is fear cliste é Seán* | *Is cailín ard í* Mary | *Is madadh óg é* Toby |

### Gníomhaíochtaí

### 1. Gníomhaíocht cártaí focail

1.1. Comhthéacs

Tá an ghníomhaíocht bunaithe ar chur síos a dhéanamh ar theaghlach ficseanach.

- Roinntear na daltaí ina ngrúpaí beaga (triúr nó ceathrar).
- Tugtar pictiúr (ball amháin den teaghlach) agus tacar abairtí tuairiscithe do na daltaí, a scríobhadh ar chártaí ionas go mbeidh focal amháin ar gach cárta.
- Déanann na habairtí cur síos ar an teaghlach (nó ar an gcarachtar a thugtar don ghrúpa sin) sa phictiúr ach úsáid a bhaint as is agus bí araon.
- Ní mór do na daltaí na cártaí go léir a shocrú chun ceithre abairt a chruthú a chuireann síos ar a bhfuil le feiceáil sa phictiúr agus na bhfoirmeacha cearta de 'to be' a úsáid chomh maith leis an bhfoirm fhorainmneach atá ag teastáil (mar shampla sé seachas é). Tugtar cleachtadh samplach thíos:

# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

1.2. Ábhair

**Cártaí focail curtha ar fáil**

| | | |
|---|---|---|
| *Is* | *seo* | *cliste* |
| *í* | *cailín* | *tá* |
| *sí* | Mary | *í* |

**Abairtí sa sprioctheanga**

*Seo í Lisa*

*Is cailín í*

*Tá sí cliste*

1.3. Leagan amach

Roinntear na daltaí ina ngrúpaí beaga agus beidh an bua ag an gcéad ghrúpa a chuireann na cártaí focail san ord ceart.

## 2. Cleachtadh 'Cé mise?'

2.1 Comhthéacs

Sa chleachtadh seo, tomhaistear 'cé atá ann' nuair a dhéanann foirne nó daoine aonair iarracht carachtar a shainaithint agus spreagtar úsáid na copaile.

2.2 Ábhair

Grianghraif de dhaoine cáiliúla, daltaí sa rang nó nótaí simplí post-it nó ainmneacha i gclúdaigh litreach.

2.3 Leagan amach

Sa chleachtadh seo, cuireann an dalta ceisteanna ar an múinteoir le fáil amach cé atá sa phictiúr de dhuine cáiliúil atá ag an múinteoir (nó ag dalta eile) ach nach dtaispeánann sé don rang. Caithfidh na daltaí ceisteanna a chur:

*An fear é?*

*An ceoltóir é?*

*An aisteoir é?*

Tabharfar pointe don chéad duine a thugann buille faoi thuairim ceart faoi cé atá sa phictiúr, ach cailltear pointe gach uair a úsáidtear struchtúr mícheart chun an cheist a chur.

# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

## (ii) ORD NA BHFOCAL I GCLÁSAIL INFINIDEACHA

### Míniú ar an ngramadach

Sa Ghaeilge, i bhfo-chlásail ina bhfuil foirmeacha neamhfhinideacha den bhriathar, cuirtear an briathar ag an deireadh, i ndiaidh an chuspóra, má tá ceann ann. Má tá briathar infinideach a bhfuil cuspóir faoi réir aige ann, tagann an cuspóir ar dtús, agus cuirtear 'a' ina dhiaidh agus cuirtear an briathar isteach ansin

| | |
|---|---|
| *Chuaigh sé chun [an cluiche a fheiceáil]* ✓<br>'He went to see the game' | *Chuaigh sé [a fheiceáil an cluiche]* ✗<br>'He went to see the game' |

Tá míniú níos doimhne ar an ngramadach in Mac Congáil (2006: 62-83)

### Abairtí ina bhfuil péirí íosdifríochta

[B C] [C a+B]

*Thóg sé teach mar bhí sé ag iarraidh teach a thógáil*

'He built a house because he wanted to build a house'

[B C] [C a+B]

*D'ól sí bainne nuair a bhí sí ag iarraidh bainne a ól*

'She drank milk when she wanted to drink milk'



# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

## Gníomhaíocht

Tá an ghníomhaíocht anseo bunaithe ar an smaoineamh ‘b’fhearr liom’. Ach fiafraí de na daltaí cad a dhéanann siad de ghnáth agus ansin fiafraí díobh cad ab fhearr leo a dhéanamh (agus an modh coinníollach *“b’fhearr liom”* a úsáid), caithfidh a fhios a bheith ag na daltaí conas clásal infinideach a chur le chéile. D’fhéadfaí an tasc a bhunú ar chur síos a dhéanann na daltaí ar a dtaithí féin, nó ar phictiúr. (Dá n-úsáidfí meascán den dá rud, chabhródh sé leis an dalta cleachtadh a dhéanamh ar na forainmneacha réamhfhoclacha a ndéantar cur síos orthu thíos).

- Is cleachtadh bunaithe ar scríbhneoireacht é an cleachtadh seo, ina n-iarrtar ar na daltaí ‘na bearnaí a líonadh’ de réir a roghanna féin, nó bunaithe ar an rud a fheictear i bpictiúr taobh leis an abairt ina bhfuil focail in easnamh.
- Cuirfear iallach ar na daltaí foirm infinideach an bhriathair a úsáid ach *“a”* a bheith mar chuid den abairt a thugtar.

## Tasc pictiúir



*Tá an gasúr ________ ach b’fhearr leis ______ a _________*

Sprioctheanga

*Tá an gasúr [ar scoil/ag staidéir] ach b’fhearr leis [peil] a [imirt]*

## Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

### Tasc scríbhneoireachta – Gnáthlá (líon na bearnaí)

*Gach maidin ithim ____________ach b'fhearr liom ______a____________*

*I ndiaidh na scoile déanaim ________ ach b'fhearr liom _______a___________*

*Ag deireadh na seachtaine _________ ach b'fhearr liom _______a___________*

Is féidir é seo a leathnú chun tasc labhartha bunaithe ar an scéalaíocht a úsáid. Oibríonn na daltaí i mbeirteanna agus léann gach duine an méid atá scríofa ag an duine eile ach ansin caithfidh na daltaí an 3ú pearsa a úsáid:

*Gach maidin itheann _______ /________ach b'fhearr leis/léi _________a_____________*

*I ndiaidh na scoile déanann _________ /________ ach b'fhearr leis/léi _______a_________*

*Ag deireadh na seachtaine________/_______/________ach b'fhearr leis/léi _______a______*

Ach an cineál taisc seo a leathnú chun briathra príomhchlásail eile a chur san áireamh, d'fhéadfadh an múinteoir na daltaí a threorú chuig gníomhaíocht rólghlactha ina bhféadfadh páistí níos óige gléasadh suas. Bheifí ag iarraidh na cineálacha abairtí seo a leanas a spreagadh leis an gcluiche sin:

*Seo é Peter, is meicneoir é, is maith leis carranna a dheisiú*

*Seo í Mary, is báicéir í, is maith léi arán a dhéanamh.*

*Seo í Kate, is ceoltóir í, is maith léi amhráin a scríobh.*

### (iii) FORAINMNEACHA RÉAMHFHOCLACHA

Táthaítear réamhfhocail agus forainmneacha sa Ghaeilge (mar shampla *'liom', 'ort', 'agat'*), ach is gnách nach n-úsáideann páistí an fhoirm tháite sin agus go bhfágann siad an réamhfhocal agus an forainm astu féin mar dhá fhocal ar leithligh (mar shampla *'Tá ocras ar mé'* seachas *'Tá ocras orm'*).

### Míniú ar an ngramadach

Mar a dtagann réamhfhocal (e.g. *le*) roimh forainm (e.g. *mé*) tagann siad le chéile chun focal nua a chruthú, e.g. liom. Is samplaí de réamhfhocail iad le, ar agus faoi; is samplaí d'fhorainmneacha iad sé, sí agus siad.

*Bhuail Pól liom* ✓ *Bhuail Pól le mé* ✗

# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

## Péirí íosdifríochta

Ba cheart go bhfoghlaimeodh an dalta roinnt péirí íosdifríochta a léiríonn an gá atá le forainmneacha a tháthú le réamhfhocail e.g.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *le Pól* | *ar Mháire* | *do sinn/muid* | *chuig mé* |
| *leis* | *uirthi* | *dúinn* | *chugam* |

## Gníomhaíocht

- Chabhródh tasc míreanna mearaí leis an dalta tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtáthaítear réamhfhocail agus forainmneacha chomh maith le haird a tharraingt ar fhoirm an réamhfhocail infhillte.
- Is féidir leis an múinteoir na míreanna mearaí a ullmhú roimh ré, ach b'fhearr é dá bhféadfadh na daltaí na míreanna mearaí a dhéanamh mar go mbeidís ag féachaint níos mó ar na forainmneacha, ar na réamhfhocail agus ar na foirmeacha infhillte freisin.
- D'fhéadfaí ealaín agus ceardaíocht a chuimsiú leis agus taispeántas balla a dhéanamh a chuirfeadh na spriocfhoirmeacha i gcuimhne do na daltaí. D'fhéadfaí réamhfhocal amháin a thabhairt do gach grúpa daltaí agus chruthóidís míreanna mearaí bunaithe air.

Cruthaítear na míreanna mearaí ach an fhoirm infhillte a scríobh ar phíosaí carta.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Liom* | *Leat* | *Leis* | *Léi* |
| *Linn* | *Libh* | *Leo* | |

# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

Scríobhfar an réamhfhocal agus an forainm araon ar chúl na gcártaí sin, agus úsáidtear na gnáth-fhorainmneacha réamhfhoclacha agus na leaganacha treise *-se/-sa* (mar shampla *liom* agus *liomsa*):

| | |
|---|---|
| *Le* | *mé* |

Luaigh na foirmeacha malartacha *muid* agus *sinn*. Feictear *sinn* i nGaolainn na Mumhan de ghnáth agus feictear *muid* i nGaeilge Chonnacht agus Thír Chonaill.

Gearrtar an cárta ina dhá leath le siosúr scealptha nó siosúr ionas go mbeidh an réamhfhocal nó an forainm ar na píosaí éagsúla:

| | |
|---|---|
| *Le* | *mé* |

Ansin meascann na daltaí na cártaí suas agus liostáiltear na spriocfhoirmeacha ar chlár bioráin ansin agus caithfidh na daltaí na heilimintí cearta a mheaitseáil chun teacht ar an bhfoirm ar an gclár. Ansin is féidir leo a scóir a sheiceáil ag an deireadh ach na cártaí a chasadh timpeall chun na spriocfhoirmeacha a sheiceáil:

*Liom*

## Athrá

Tá sé an-deacair struchtúir ghramadaí a shealbhaítear go mícheart a leasú, mar sin is gá athrá rialta a dhéanamh ar na péirí íosdifríochta agus ar chleachtaí chun dul chun cinn a dhéanamh. Mar chleachtadh breise chun na struchtúir sin a fhoghlaim, d'fhéadfaí a iarraidh ar na daltaí rainn nó amhráin ina bhfuil na spriocfhoirmeacha a chumadh.



# Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

## Tagairtí

Mac Congáil, N. 2005. *Leabhar Gramadaí na Gaeilge*. Cló Iar-Chonnacht.

Stenson, N. 2008. Basic Irish: A Grammar and Workbook. Routledge.

Ní Ghráda, M. 1980. *Progress in Irish: A Graded Course for Beginners and Revision.* Edco

Ó Domhnalláin, T. 2002. *Buntús Cainte Céim a hAon: A First Step in Spoken Irish Part 1*. An Gúm.

Roinn Oideachas Thuaisceart Éireann (2002) *Research Briefing: Developing linguistic accuracy in Irish Medium Primary Schools/ Cruinneas Teangeolaíoch a Fhorbairt i mBunscoileanna Gaeilge* Ar fáil ag http://www.deni.gov.uk/index/facts-and-figures-new/32_statistics_and_research-research_pg/research-reports-for-policy-makers/32_research_2002_pg.htm

Christian Brothers. (1999). New Irish grammar by the Christian Brothers. Baile Átha Cliath: CJ Fallon.

Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil (2016). Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais.